

Toy Story 1.5

Aoife Nic Seáin

Foireann:

Scéalaí/bréagáin dhifriúla

Mamó Aindí

Mamaí Aindí

Aindí

Woody

Buzz

Peadar Práta

Póilín Práta

Dínó

Gambún

Slincí

Barbaí

Ken

Bó Pípín

Jesse

Capall

Tin-Tin

Gwen

Zurg

Na hEachtráin (x4)

Na Saighdiúirí (x3)

Radharc 1

Ceol: *You've Got a Friend in Me/Is Tú Mo Chara Buan*

Achoimre: *Tagann Mamó Aindí ar cuairt agus tá seanbhréagáin aici d'Aindí.*

Áit: *Seomra Aindí.*

Peadar Práta: Dia dhaoibh agus fáilte romhaibh go Toy Story 1.5.

Póilín Práta: Chuala sibh Toy Story a haon?

Barbie: Agus Toy Story a dó?

Bó Pipín: Agus Toy Story a trí?

Jesse: Bhail seo scéal eile. Seo scéal úr.

Gambún: Seo Toy Story 1.5, Gwen agus Tin-Tin.

Aindí ag súgradh le bréagán Buzz agus Woody ina sheomra leapa. Scairt ó mhamaí.

Mamaí: Aindí!.....Tá Mamó anseo don tae.

Aindí: Awwwww! Níl mé réidh a Mhamaí!

Mamaí: Tá bronntanais aici duit!

Aindí: Bronntanais!

Glanann Aindí ar shiúl agus imíonn sé.

Tagann fíorWoody agus fíorBuzz amach as an bhosca/chófra.

Woody: Cá bhfuil mo hata? Ó sin é.

Buzz: Ar chuala tú sin Woody?

Woody: Ar chuala mé cad é?

Buzz: Bronntanais!

Tagann Peadar Práta amach.

PP: Bronntanais! bréagáin úra b'fheidir Buzz? An bhfuil tu buartha?

Buzz: Huh...Níl Buzz Lightyear buartha faoi bhréagáin eile

Tagann Jesse agus capall isteach.

Jesse: Howdy a chara!

Woody: Howdy Jesse!

Jesse: Cad é seo faoi bhréagáin úra Woody?

Cuireann Dínó a cheann amach as an bhosca/chófra.

Dínó: Tá Buzz buartha go mbeidh bréagán níos fearr ná é ag Mamó Aindí.

Buzz: NÍL MÉ Buartha!

Jesse: Buzz bocht! Is tusa an bréagán is fearr ar an domhan!

Cluineann na bréagáin callán agus léimeann siad ar ais isteach sa chófra/bhosca. Osclaíonn an doras agus tagann Aindí agus a mhamó isteach.

Mamó: Tá do sheomra úr iontach deas Aindí!

Aindí: Go raibh maith agat a mhamó

Suíonn siad ar an leaba.

Mamó: Tá bronntanas agam duit.

Tógann Mamó Tin Man agus China Doll amach as a mála.

Mamó: Bhí na bréagáin seo agamsa nuair a bhí mise beag. Seo Gwenn agus seo Tin-Tin.

Taispeánann sí na bréagáin d'Aindí.

Mamó: Ní raibh Bazz Lightyear agamsa nuair a bhí mise beag.

Aindí: Buzz Lightyear a Mhaimeó.

Mamó: Bazz Lightyear.

Aindí: Buzz a Mhamó!

Mamó: Ó tá brón orm...Buzz.

Mamai: (*ag scairteadh on chistin*) Goitse agus cuidigh liom a mhamó!

Mamó: Ag teacht anois...seo duit.

Aindí: Ar dóigh a Mhamó!

Imíonn Mamó. Tógann Aindí bréagán Buzz amach as an bhosca agus amharcann sé air agus ar Tin-Tin. Fágann sé iad uilig ar ais sa bhosca agus imíonn sé. Tagann Gach duine amach ansin. Téann Woody suas go Tin-Tin.

Woody: Howdy a chara!

Tin-Tin: (*Native American hello*) HOW!

Léimeann Woody.

Tosaíonn Jesse ag gáire.

Jesse: Tá se ag rá hello Woody! (*Do Tin-Tin*) HOW!

Tin-Tin: HOW!

Gwenn: Sin go leor de sin. Tá mise iontach sean agus tá mé iontach tuirseach.

Woody: Yeeha a chara! Mise Woody agus seo Bó Pipín.

Dínó: Is mise Dínó.

Buzz: Dia duit, is mise Buzz Lightyear.

Gambún: Buzz no Bazz? (*Do na daoine úra*) Haigh, is mise Gambún an Muc. (*seideann se a fheadóg*) Goitse amach a chairde! Na bréagáin eile ag mairseáil amach ar an ardán.

Póilín Práta: Is mise Póilín Práta, seo á Peadar Práta

Zurg: Agus is mise Zurg. Is mise daidí Buzz.

Na Trí Eachtrain: Muidne na heachtráin. (*Guthanna aisteacha.*)

Na Saighdiúirí: Muidne na saighdiúirí. (*Salute.*)

Barbie: Mise Barbie! (*casadh beag wink*)

Ken: Mise Ken! (*an wink céanna*)

Barbie agus Ken: Le chéile muidne Barbie agus Ken!

Gwenn: Is mise Gwenn. Sin Tin-Tin.

Tin-Tin: HOW.

Deir Gach duine hello.

Dínó: Bhfuil tusa chomh sean leis na díneasáir?

Gwenn: Nílimid!

Tin-Tin: HOW!

Gwenn: Táimid chomh sean le Mamó Aindí. Tá cuimhne agamsa ar an chéad lá a chonaic me í.

Suíonn na bréagáin uilig síos thart uirthi le héisteacht le scéal. Ceol sa chúlra. Mamó agus í óg ag oscailt bhronntanais agus ag tógáil babóg Gwenn amach as. Ritheann sí thart ag súgradh léi.

Gwenn: Bhí am ar dóigh againn le chéile. Bhí sí galánta, ach d'fhás sí suas, agus rinne sí dearmad díom.

Gwenn: Go dtí anois!

Tin-Tin: HOW!

Gwenn: Tá cuid mhór bréagán ag Aindí. Tá craic maith agaibh le cheile

Tin-Tin: HOW!

Gwenn. Ní raibh cuid mhór bréagán ag Mamó.

Tin-Tin: How!

Woody: Bhí tú leat féin léi i gcónaí?

Gwenn: Bhí muid.

Buzz: Ní raibh cairde eile agaibh?

Tin-Tin: HOW. (*an-bhrónach*)

Gwenn: Ní raibh capall ar bith ag Tin-Tin fiú!

Capall: (*Téann sé anonn go Tin-Tin agus tugann sé croí isteach dó.*)

Tin-Tin: HOW!

Siúlann Slincí suas chuig Gwenn.

Gwenn: Tá cuid agaibh iontach aisteach!

Slincí: Tig liomsa síneadh agus síneadh agus síiiiiiiiiiiiiineadh!

Buzz: Agus thig liomsa lasadh suas.

Barbie: Agus thig liomsa ceol...(*tosaíonn sí ag ceol*)

Gambún: Is bosca airgid mise.

Póilín Práta: Thig liomsa seo a dhéanamh! (*Baineann sí a cluas di*)

Gwenn: Thig libh bogadh lear mór!

Tosaíonn na saighdiúirí ag mairseáil.

Na trí Eachtrán: Amharc orainn!

Tosaíonn na trí eachtrán ag damhsa.

Gwenn: amharc orainn

Taispeánann Tin-Tin daofa. (Siúlóid amscaí.)

Woody: Táimid iontach sásta sugradh libhse anois fosta.

Buzz: Cinnte. Beidh a lán cairde agaibh as seo amach.

Amhran: (Is mise do chara buan)

Bó Pipín: Sh! Sin Aindí!

Ritheann na bréagáin isteach sa chófra. Tagann Aindí isteach. Tógann sé bréagán Buzz agus Woody amach as an chófra.

Aindí: Buzz, Woody, Seo Gwenn agus Tin-Tin.

Cuireann sé na ceithre bhréagán síos in aice lena chéile.

Aindí: Níl soilsí acu. Níl siad ábalta bogadh mar is ceart. Ach tá siad iontach!

Scairt ó Mhamaí.

Mamaí: Glan suas Aindí, am luí.

Aindí: Ceart go leor a mhamaí.

Cuireann Aindí na bréagáin ar shiúl. Léimeann sé isteach sa leaba. Tagann Mamaí isteach.

Mamaí: An raibh lá deas agat?

Aindí: Bhí a Mhamaí. Is maith liom bréagáin Mhamó .An bhfuil cead agam iad a a thaispeáint don mhúinteoir ar scoil?

Mamaí: Cinnte oíche mhaith anois.

(tig na bréagáin amach arís)

Eachtrán: Aisling! Agus sin an scéal!

Eachtrán: (Isabel) Anois tá a lán cairde acu.

Gwen: Ní bheimid uaigneach níos mó.

Gach duine: HOW!

Soilsí síos.

Amhrán:

*Is mise do chara buan
Is mise do chara buan
Nuair a bhíonn droch-lá agat
Agus tú faoi bhrón
Ná déan dearmad den rud a dúirt mé leat
'Sé, is mé do chara buan
Is mise do chara buan
Is mise do chara buan*